# Teangacha ag tacú lena chéile!

## *Léargas an mhúinteora*

Is cúis áthais do Déanann Teangacha Nasc an tríú halt sa tsraith nua seo a fhoilsiú. Tagann na hailt seo ó scoileanna agus ó mhúinteoirí atá ag glacadh go fonnmhar le comhtháthú na dteangacha iasachta leis an gcuraclam. Déanann na hailt seo cur síos ar acmhainní praiticiúla agus tacaíochtaí agus léiríonn siad cleachtais réalaíocha agus éifeachtacha ranga. San alt seo, tugann Harriette Robinson mionléargais óna seomra ranga féin, mar aon le gníomhaíocht ranga gur féidir tabhairt fúithi.




### Mise agus mo Scoil

"Is mise Harriette agus is múinteoir mé i nGaelscoil Laighean, Baile Átha Cliath. Is scoil bheag í ár scoil agus táimid an-tógtha le teangacha – go háirithe an Ghaeilge, dar ndóigh.

"Tá suim mhór agam i dteangacha, sa tumoideachas agus san Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT). Táim an-sásta go bhfuil Nuatheangacha Iasachta mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Labhraím Fraincis agus tá taithí agam í a mhúineadh do pháistí agus do mhic léinn. Ar an mbonn sin, thapaigh mé an deis í a mhúineadh dár bpáistí i nGaelscoil Laighean. Toisc gurb í an Ghaeilge teanga na scoile, thuig na páistí gur trí mheán na nGaeilge a bheidís ag foghlaim na Fraincise. Sular cuireadh áiseanna nó tacaíochtaí ar fáil mar chuid den scéim *Say Yes To Languages*, thugamar fúithi, ag baint úsáid as leabhair ghearrthóg, as amhráin Fhraincise ar YouTube agus as na cluichí boird Fraincise a bhí bailithe agam thar na blianta.



### Feasacht teanga a chothú

"Bhain mé úsáid ag an gcur chuige cumarsáideach chun teanga ó bhéal na bpáistí a fhorbairt. Is gá go mbeadh na páistí ag úsáid na sprioctheanga chun í a shealbhú. Chuige sin, tugadh deiseanna rialta dóibh an sprioctheanga a chleachtadh agus iad i mbun tascanna agus cluichí i ngrúpaí.

"Bhí spreagadh agus fiosracht na bpáistí le sonrú. Go luath, léiríodh go soiléir gur thacaigh an dara teanga, an Ghaeilge, le foghlaim an tríú teanga. Rinne na páistí naisc idir na focail sa dá theanga go nádúrtha, mar shampla, briathra ar nós éist sa Ghaeilge -écouté sa Fhraincis, léigh sa Ghaeilge – lire sa Fhraincis agus deirim sa Ghaeilge – je dis sa Fhraincis. Thug na páistí faoi deara go raibh cosúlachtaí idir ainmfhocail áirithe sa dá theanga mar shampla, œuf – ubh, argent-airgead, matin-maidin, garçon-gasúr. Dhírigh mé a n-áird ar an traschur idir modh úsáidte focal (briathra), mar shampla, an briathar 'faire'. Thuig siad go raibh cosúlacht idir briathra ar nós 'faire' sa Fhraincis agus 'déan' sa Ghaeilge toisc go bhfuil brí éagsúil ag an mbriathar ag brath ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear é – 'je fais le hockey' nó 'je fais un gâteau'- díreach cosúil leis an mbealach ina n-úsáidtear 'déan' sa Ghaeilge, ach ní hionann don bhriathar 'to do' as Béarla.

"Tá sé soiléir go mbíonn na páistí ag déanamh machnaimh ar an nGaeilge le linn na gceachtanna Fraincise. Sampla eile a tháinig chun cinn ná an chosúlacht atá idir an frása 's'il vous plaît' sa Fhraincis agus 'más é do thoil é' sa Ghaeilge. Is frásaí iad a aistríonn díreach de réir bhrí na bhfocal, rud nach dtarlaíonn sa Bhéarla nuair a úsáidtear focal amháin 'please'… focal amháin, "gan chiall" a dúirt na páistí. Téann an traschur an dá threo mar, ón bhfoghlaim sa Fhraincis, tá táithí ag na páistí i dtaobh inscne na n-ainmfhocal cé nach bhfuil tús curtha leis seo sa Ghaeilge go fóill. Beidh deis ag na páistí a gcuid foghlama sa Fhraincis a aistriú sa cheacht Gaeilge amach anseo.

"Is léir go dtreisíonn na ranganna Fraincse feasacht teanga na bpáistí. Tugadh faoi deara go mbíonn siad ag fiosrú na gcosúlachtaí agus na ndifríochtaí idir an Ghaeilge agus an Fhraincis ó thaobh struchtúr, gramadaí, foclóra, nathanna cainte agus inscne na n-ainmfhocal de. Sealbhaíonn siad an Fhraincis agus neartaítear a dtuiscint ar an nGaeilge."

**Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Cuir Fáilte Roimh Theangacha agus faoi dheiseanna uasoiliúna teanga do mhúinteoirí, nó má tá suim agat alt a scríobh mar chuid den tsraith seo, seol ríomhphost chuig primary@ppli.ie nó téigh chuig languagesconnect.ie. Ba bhreá linn cloisteáil uait!**


**Languages Connect promotes the personal, social, professional and economic benefits of foreign language skills to principals, teachers, guidance counsellors, parents and pupils. Funded by the DEY and facilitated by PPLI, this is a key objective of *Languages Connect; Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017-2026*.**

Languages Connect

# Ceacht Samplach: Cé na spóirt a thaitníonn/nach dtaitníonn linn?

Roinneann Harriette Robinson gníomhaíocht shimplí bunaithe ar chaitheamh aimsire. Foghlaimeoidh na páistí an teanga a bhaineann le cineálacha caitheamh aimsire sa Fhraincis, ar bhealach spraíúil.

Le linn an cheachta, déantar na Príomhinniúlachtaí a nascadh agus a threisiú, ar nós a bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid mar aon le bheith cruthaitheach agus a bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach.



## Torthaí foghlama

- Caitheamh aimsire a ainmniú
- Tuairim na ndaltaí faoin gcaitheamh aimsire a chur in iúl
- Foclóir agus nathanna a úsáid le linn cluichí teanga

| J'adore | Je déteste |
|---|---|
| La natation | Le cyclisme |
| L'athlétisme | Le basket |
| La gymnastique | Le ski |
| Le rugby | Le tennis |
| Le foot gaélique | Le surf |

## Cad a theastaíonn uainn?

- Pictiúir de na cineálacha caitheamh aimsire gearrtha amach agus iad curtha i mbabhla – beart do gach grúpa
- Cairtchlár gearrtha amach i gcruth croí agus i gcruth X – ceann do gach grúpa
- Pictiúr de gach spórt le lipéid Fhraincise



## Conas an foclóir a mhúineadh

Aithneoidh na páistí roinnt de na caithimh aimsire toisc go bhfuil cosúlachtaí idir na focail Fhraincise agus na focail Ghaeilge. Trí athrá agus athris, déan cleachtadh ar na cineálacha caitheamh aimsire. Iarr ar na páistí ligean orthu go bhfuil siad i mbun an spóirt a ghlaonn an múinteoir amach os ard. Tabhair deis do pháistí aonair ainm an spóirt a ghlaoch amach agus déanann an rang an gníomh ceart, iad ag glaoch amach ainm an chaithimh aimsire ag an am céanna.

Tuigfidh go leor páistí na frásaí "j'adore/je déteste" agus bain úsáid as an gcruth croí nó an cruth x chun na frásaí a mhúineadh. Tabhair deis dóibh athrá a dhéanamh ar na frásaí.

## Conas a cluiche a imirt

- Piocann páistí pictiúr amach as an mbabhla
- Deir siad an frása "J'adore le tennis/ je déteste la natation" agus cuireann siad an pictiúr ar an gcruth croí nó ar an gcruth X
- Piocann an chéad pháiste eile pictiúr agus leanann siad ar aghaidh go dtí go mbíonn gach pictiúr imithe

## Conas measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim


Iarr ar pháiste tuairim a thabhairt faoi chaitheamh aimsire áirithe, mar shampla; "Est-ce que tu adore le basket?" Freagraíonn an páiste le "Oui, j'adore le basket/Non, je déteste le basket". Feidhmíonn sé seo mar dul siar chomh maith.

## Dúshlán breise

Beidh cumas difriúil agus taithí éagsúil ag gach páiste sa Fhraincis, agus mar sin, seans go mbeidh páistí áirithe in ann an cheist – "Est-ce que tu adore/ déteste _____?" a chur ar pháistí eile in ionad an mhúinteora ag deireadh an cheachta.










**An bhfuil suim agat tuilleadh eolais a fháil?**

**Tá tuilleadh gníomhaíochtaí agus smaointe le fáil faoin topaic seo sna hacmhainní thíos:**

- **Múinteoir NTI/Nótaí an Mhúinteora (lgh. 23 – 25)**
- **Teanga agus Teangacha sa Bhunscoil (lgh. 25 – 26)**
- **Eachtraí Teanga (lch.17)**

**Tá na hacmhainní seo agus tuilleadh le fáil sa rannóg Acmhainní ar shuíomh gréasáin Déanann Teangacha Nasc, a bhfuil teacht air tríd an cód MF.**